NÓSANNA IMEACHTA A BHAINEANN LEIS AN mBEARTAS IOMAÍOCHTA A CHUR CHUN FEIDHME

AN COIMISIÚN EORPACH

Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.10833 - FRANKLIN RESOURCES / BNY ALCENTRA GROUP HOLDINGS)

Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(2022/C 320/22)

1. An 12 Lúnasa 2022, fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe, fógra a tugadh de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle.

Is leis na gnóthais seo a leanas a bhaineann an fógra sin:

— Franklin Resources, Inc. ("Franklin Templeton", na Stáit Aontaithe),

— BNY Alcentra Group Holdings Inc. ("Alcentra", na Stáit Aontaithe), faoi rialú The Bank of New York Mellon Corporation (na Stáit Aontaithe).

Gheobhaidh Franklin Templeton urlámhas aonair ar Alcentra ina iomláine de réir bhrí Airteagal 3(1)(b) den Rialachán um Chumaisc.

Is trí cheannach scaireanna atáthar ag déanamh an chomhchruinnithe.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Eagraíocht bainistíochta infheistíochta dhomhanda is ea Franklin Templeton a sholáthraíonn seirbhísí bainistíochta infheistíochta agus seirbhísí gaolmhara d'infheisteoirí miondíola, institiúideacha, agus glanfhiúchais aird trína chuid táirgí infheistíochta,

— Gnólacht bainistíochta gníomhaí sócmhainní domhanda is ea Alcentra a dhéanann bainistíocht ar fhiachas faoi bhun gráid infheistíochta, agus saineolas domhanda aige ar iasachtaí sinsearacha, ar fhiachas mezzanine, ar bhannaí ardtoraidh, ar staideanna cruacháis, ar chreidmheas struchtúrtha, agus ar tháirgí ilstraitéise.

3. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart faoinar tugadh fógra a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le nós imeachta simplithe i ndáil le cóireáil comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]), ba cheart a thabhairt faoi deara gur cás é seo ab fhéidir a chóireáil faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

4. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúil a bheadh acu maidir leis an oibríocht atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta a fhoilsithe seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.10833 - FRANKLIN RESOURCES / BNY ALCENTRA GROUP HOLDINGS

([1]) IO C 366, 14.12.2013, lch. 5.

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost, le facs nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála seo thíos:

R-phost: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Facs +32 22964301

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË